Leabhrán Sainchuntas Poist

**Bainisteoir Oibrithe Deonacha**

Dáta Deiridh le haghaidh Iarratas: **16ú Aibreán 2025, 17:00 meán-am Greenwich (GMT)**

Learning is Life

kinia

Ní thagann saol gan foghlaim

## Clár Ábhair


**Freagrachtaí** **3**

**Riachtanais** **4**

Riachtanach: 4

Inmhianaithe: 4

**Scileanna agus Cumas** **4**

**Eolas Bhreise** **5**

**Scála Tuarastail** **5**

**Sochar Eile** **5**

Scéim Pinsin 5

Cianobair 5

Saoire Bhliantúil agus Saoire Chúitimh 5

CCF (Clár Cúnaimh d’Fhostaithe) 5

Deiseanna dul chun cinn gairme, foghlaim agus forbairt 5

**Próiseas Roghnúcháin** **5**

**Conas Iarratas a Dhéanamh** **6**

Learning is Life

kinia

Ní thagann saol gan foghlaim

Is fiontar sóisialta neamhbhrabúis í Kinia atá dírithe ar oideachas. Teastaíonn uainn cinntiú go bhfuil scileanna todhchaíoch agus deiseanna foghlama ar fáil do ghach páiste agus duine óg. Creidimid gur féidir linn an fhís sin a fhíorú trí chomhoibriú. Tuilleadh eolais fúinn: https://kinia.ie/

**Gearrchuntas ar an Ról**

Cruthaíonn an Bainisteoir Oibrithe Deonach caidreamh le geallsealbhóirí chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus líonra náisiúnta d'oibrithe deonacha a chruthú chun tacaíocht a mhéadú do scoileanna agus seirbhísí óige atá faoi mhíbhuntáiste tríd ár gClár Reading Buddy | Léigh Liom.

Tá duine réamhghníomhach le taithí bainistíocht agus forbairt oibrí deonacha láidir a n-éiríonn leo i dtimpeallacht ina bhfuil orthu gníomhú as a stuaim féin. Trí thograí obair dheonach nua a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú, beidh tú ag cur le tionchar Kinia in oideachas STEM go díreach.

**Ról:** Bainisteoir Oibrithe Deonach

**Suíomh oibre:** Obair chumaisc - Éire

**Conradh:** Lánaimseartha

Is fiontar sóisialta neamhbhrabúis í Kinia atá dírithe ar oideachas. Teastaíonn uainn cinntiú go bhfuil scileanna todhchaíoch agus deiseanna foghlama ar fáil do ghach páiste agus duine óg. Creidimid gur féidir linn an fhís sin a fhíorú trí chomhoibriú. Tuilleadh eolais fúinn: https://kinia.ie/

## Freagrachtaí

- **Forbairt Straitéise & Comhpháirtíochta:** Forbair agus cur straitéisí earcaíochta, traenála agus coinneála d'oibrithe deonacha i bhfeidhm. Cruthaigh agus caomhnaigh caidreamh le scoileanna, eagraíochtaí deonacha agus geallsealbhóirí eile.
- **Earcú & Caidreamh a bhunú le hOibrithe Deonacha:** Chur chun cinn fás líonra oibrí deonach Kinia trí straitéisí earcaíochta agus coinneála éifeachtacha. Cruthaigh muintearas i measc oibrithe deonacha agus comhpháirtithe.
- **Bainistíocht Chláir:** Tacaigh le méadú an Clár Reading Buddy | Léigh Liom. Cuir traenáil agus tacaíocht leanúnach ar fáil d'oibrithe deonacha, deiseanna forbairt ceannaireachta san áireamh.
- **Comhoibriú:** Oibrigh go dlúth leis an gCeannaire Comhpháirtíochta & Fáis, an Comhordaitheoir Léigh Liom agus an Bainisteoir Chláir chun rath an chláir a chinntiú.

- **Eile:**
    - Meas scóip agus mol deiseanna deonacha eile laistigh de Kinia.
    - Caomhnaigh ardchaighdeán agus déan athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na cláir.
    - Cuir le hábhar le haghaidh ardán eagraíochta agus ábhar margaíochta

## Riachtanais

### *Riachtanach:*

- Cáilíocht 3ú Leibhéal cuí (Bainistíocht/Oideachas, Traenáil, Eolaíocht Shóisialta)
- Taithí i bhforbairt líonra agus comhpháirtíocht a chothú.
- Scileanna cur i láthair agus caint phoiblí den scoth.
- Spreagtha ag agus ailínithe le fís agus misean Kinia.
- Gaeilgeoir líofa.
- Cumas comhpháirtithe agus oibrí deonacha a spreagadh, a ghríosú agus a choinneáil.
- Taithí le cláir dheonacha.
- Cáilíocht Bainistíocht Tionscadal.

### *Inmhianaithe:*

- Taithí san earnáil charthanachta, oideachais nó STEM.
- Eolas ar tiomsú airgid nó tograí freagracht shóisialta chorparáideach.
- Paisean d’oideachas STEM agus do mhisean Kinia

## Scileanna agus Cumas

**Scileanna Riachtanacha:**

- **Taithí:** Taithí le bainistíocht clár deonach, earcaíocht, traenáil agus coinneáil san áireamh.
- **Cruthú caidreamh:** Scileanna líonrú agus cruthú comhpháirtíocht láidir, le taithí ag dul i dteagmháil le scoileanna agus eagraíochtaí phobail.
- **Cumarsáid:** Scileanna cumarsáide labhartha agus scríofa den scoth, cur i láthair agus caint phoiblí san áireamh.
- **An Ghaeilge:** Líofacht sa Ghaeilge.
- **Ceannaireacht:** Cumas comhpháirtithe agus oibrí deonacha a spreagadh, a ghríosú agus a choinneáil.
- **Bainistíocht Tionscadal:** Taithí ag bainistiú tionscadal agus tograí (tá cáilíocht fhoirmiúil inmhianaithe.)

**Cumas Riachtanacha:**

- **Fís Straitéiseach & Cur i bhFeidhm Praiticiúil:** Cumas freastail ar fís straitéiseach d’fhás an clár deonach agus cur chuige teagmhálach i dtaobh bainistíocht laethúil agus tascanna oibríochtúla.
- **Tuiscint ar Earnáil Pobail:** Tuiscint mhaith ar dúshláin agus deiseanna laistigh den earnáil pobail agus an earnáil dheonach in Éirinn.
- **Réiteach Fadhbanna & Solúbthacht:** Smaointeoireacht chruthaitheach agus scileanna fadhbréiteach, le cumas a bheith acmhainneach, téigh i dtaithí ar chúrsaí, agus réiteach a aimsiú go tapa.
- **Ceannaireacht & Comhoibriú:** Tréithe ceannaireachta agus cumas oibrí deonacha agus comhpháirtithe a spreagadh agus a ghríosú. Caithfear obair go comhoibríoch le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha.
- **Eagrúchán & Bainistíocht Ama:** Scileanna eagrúcháin agus bainistíocht ama, le cumas iltascáil, tosaíocht a thabhairt i gceart, agus spriocdhátaí a bhaint amach i láthair oibre a ghluaiseann ar aghaidh go tapa.

**Scileanna & Cumas Inmhianaithe:**

- **Cáilíocht Chuí:** Bheadh cáilíocht 3ú leibhéal i mBainistíocht, Oideachas, Traenáil nó Eolaíocht Shóisialta tairbheach.
- **Scileanna Bainistíocht Tionscadal:** Is mór an áis cáilíocht fhoirmiúil nó taithí i mbainistíocht tionscadail.
- **Solúbthacht i dtaobh Cianobair:** Taithí ag obair le comhghleacaithe i dtimpeallacht cianoibre nó obair chumaisc.

**Conradh agus Tréimhse Phromhaidh:**
Tá ceapachán san Bainisteoir Oibrithe Deonacha ar chonradh promhaidh.

**<u>Scála Tuarastail</u>**

- ca €44,000 - €46,000 (ag brath ar taithí)

**<u>Sochar Eile</u>**
**Scéim Pinsin**
Tar éis tréimhse phromhadh rathúil, tá gach ball foirne Kinia incháilithe dár scéim pinsin PRSA, riartha ag New Ireland. Ní mór do bhaill foirne íosmhéid 5% dá n-olltuarastal míosúil a chuir agus cuirfidh Kinia an méid céanna suas go 5%.

**Cianobair**
Tá cianobair ar fáil le Kinia. Tá neart baill foirne lonnaithe ar fud na tíre. Tacaíonn Kinia le baill foirne rochtain a fháil ar mhol cianoibre, an oifig Bhaile Átha Cliath, nó oifig na Gaillimhe. Beifear ag súil le taisteal.

Soláthraíonn Kinia cúnamh airgid do bhaill foirne le cinntiú go bhfuil troscán agus trealamh IT atá ag teastáil agus iad ag cianobair.

**Saoire Bhliantúil agus Saoire Chúitimh**
23 lá saoire bhliantúil, agus 2 lá sa bhreis do laethanta comhlachta.
Tá saoire chúitimh ar fáil do cheithre huaire nó níos mó in aon lá amháin. Is féidir é seo a chur le do chuid saoire bhliantúil.

**Costais**
Soláthraíonn Kinia costais taistil, costais lóistín agus costais chothaithe do thaisteal ar bith atá de dhíth mar chuid den ról. Freisin, soláthraíonn Kinia liúntas gutháin mhíosúil, in éineacht le liúntas aon uaire le guthán oibre a cheannach.

**Clár Cúnaimh d'Fhostaithe**
Tá CCF i bhfeidhm ag Kinia agus is féidir obair go dlúth leo siúd a chaithfidh leas a bhaint as.

**Deiseanna dul chun cinn gairme, foghlaim agus forbartha.**
Tá sé mar aidhm ag Kinia tacú le baill foirne foghlaim, forbairt agus dul chun cinn ina ngairm. Oibríonn bainisteoirí líne lena bhfoireann chun plean foghlaim agus forbartha bliantúil a chur le chéile chun tacú le fás an fhoireann.

**Próiseas Roghnúcháin**
D'fhéadfadh go mbeidh na céimeanna seo a leanas mar chuid den phróiseas roghnúcháin:

- Scagadh ar iarratas;
- Gearrliostú ar iarrthóirí, bunaithe ar na sonraí ina n-iarratas;
- Réamhagallamh iomaíoch;
- Agallamh deiridh iomaíoch.

Déanaimid gach dícheall iarrthóirí a fhreagairt laistigh de cheithre seachtaine.

Má tá míchumas ort nó má tá socruithe réasúnta ag teastáil i rith an próiseas roghnúcháin, molaimid go láidir muid a chur ar an eolas ionas gur féidir linn tacaíocht a sholáthar duit.

**Conas Iarratas a Dhéanamh**
Cliceáil anseo le hiarratas a chur isteach

Spriocdháta: **16ú Aibreán 2025, 17:00 meán-am Greenwich (GMT)**